2024/423

2.2.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/423 ÓN gCOIMISIÚN

an 31 Eanáir 2024

lena gcláraítear ainm i gclár na n-ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint agus na dtásc geografach faoi chosaint ('Sel de Camargue/Fleur de sel de Camargue' (TGFC))

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí ([1]), agus go háirithe Airteagal 52(3)(b) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 50(2), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, rinneadh an t-iarratas a thíolaic an Fhrainc ar chlárú an ainm 'Sel de Camargue/Fleur de sel de Camargue' (PGI-FR-02443) mar Thásc Geografach faoi Chosaint (TGFC) a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([2]).

(2) Fuair an Coimisiún ráiteas freasúra réasúnaithe amháin ón bPortaingéil agus trí ráiteas freasúra réasúnaithe ó dhaoine dlítheanacha atá bunaithe sa tSeapáin, sna Stáit Aontaithe agus sa Ghuine.

(3) Cuireadh gach freasúra isteach i gcoinne cuid den ainm a ndearnadh iarratas air, eadhon 'Fleur de sel de Camargue'.

(4) Tar éis don Choimisiún scrúdú a dhéanamh ar na ráitis freasúra réasúnaithe agus a chinneadh go raibh siad inghlactha, i gcomhréir le hAirteagal 51(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, d'iarr sé ar na páirtithe dul i mbun comhairliúcháin iomchuí d'fhonn teacht ar chomhaontú.

(5) Tháinig deireadh leis na comhairliúcháin idir an Fhrainc agus na freasúróirí agus níor thángthas ar chomhaontú. Dá bhrí sin, ba cheart don Choimisiún cinneadh a dhéanamh maidir leis an gclárú i gcomhréir leis an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 52(3), pointe (b), de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012.

(6) Is ar an bhforas a leagtar síos in Airteagal 10(1), pointí (a) agus (c) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, a bhunaíonn na freasúróirí a bhfreasúraí. Is é is aidhm dóibh a léiriú nach bhfuil na coinníollacha a leagtar síos in Airteagail 5 agus 7(1) den Rialachán sin á gcomhlíonadh agus go ndéanfadh an clárú dochar d'ainm nó do tháirge atá comhionann go hiomlán nó i bpáirt ar an margadh le 5 bliana ar a laghad roimh an dáta foilsithe (15 Aibreán 2021).

(7) A mhéid a bhaineann leis an bhforas a leagtar síos in Airteagal 10(1), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, nach gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 5 agus in Airteagal 7(1) den Rialachán sin, áitíonn na freasúróirí nach gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 5(2) den Rialachán sin toisc nach bhfuil aon nasc geografach idir an táirge agus limistéar Camargue. Ina theannta sin, de réir na bhfreasúróirí, ní féidir *fleur de sel* a thabhairt ach ar shalann a lománaítear de láimh ar dhromchla sáile. Toisc go bhfaightear 'Fleur de sel de Camargue' le sluasaid ag bun an imchuach, ní *fleur de sel* é agus chuirfeadh ainm an táirge tomhaltóirí ar míthreoir.

(8) Maidir le neamhchomhlíonadh Airteagal 7(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, maíonn na freasúróirí nach bhfuil aon fhianaise stairiúil ann a mhéid a bhaineann leis an modh táirgthe in Camargue agus, dá bhrí sin, nach bhfuil aon fhianaise ann maidir le traidisiún táirgthe *fleur de sel* sa réigiún sin. Dá bhrí sin, chinn na freasúróirí nach bhfuil aon nasc idir an táirge agus an limistéar.

([1]) IO L 343, 14.12.2012, lch. 1.
([2]) IO C 132, 15.4.2021, lch. 12.

(9) Ina maíomh bunaithe ar Airteagal 10(1), pointe (c), de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, áitíonn na freasúróirí nach bhfreagraíonn 'Fleur de sel de Camargue' don táirge ar gnách 'fleur de sel' a thabhairt air. De réir an mhodha thraidisiúnta chun 'fleur de sel' a tháirgeadh, buaintear an salann ar dhromchla an imchuach agus tá struchtúr pirimidiúil ar leith ag na criostail salainn, struchtúr atá tipiciúil do shalann a bhuaintear ar an dromchla. Buantar an 'Fleur de sel de Camargue' ag bun an imchuach, mar go bhfuil sé taiscthe ar an gciseal crua salainn (an '*gâteau*'), agus tá struchtúr difriúil ag na criostail salainn. Ar na cúiseanna sin, ní fhéadfar a mheas gur 'fleur de sel de Camargue' an táirge a ainmnítear mar 'Fleur de sel de Camargue' agus dhéanfadh clárú ainm den sórt sin dochar do 'Fleur de sel' (táirgí) atá ar an margadh go dleathach le blianta fada agus chuirfeadh sé tomhaltóirí ar míthreoir maidir le cineál an táirge. Go háirithe, d'áitigh an Phortaingéil go ndéanfadh an clárú dochar d'úsáid an téarma 'fleur de sel' ann féin.

(10) Ina theannta sin, thagair na freasúróirí do dhlíthe náisiúnta roinnt Ballstát, amhail an Phortaingéil agus an Spáinn, a shainmhíníonn 'fleur de sel' mar shalann ar snámh a bhuantar de láimh ar dhromchla an tsáile. Maítear freisin go mbeadh 'Fleur de sel de Camargue' ag teacht salach ar ainmneacha TGFC agus ATFC a cláraíodh roimhe seo le haghaidh 'fleur de sel' san Aontas. Rinne freasúróirí tagairt go háirithe do TGFC 'Sel de Guérande/Fleur de sel de Guérande', ATFC 'Sal de Tavira/Flor de Sal de Tavira', ATFC 'Piranska sol' agus ATFC 'Paška sol'. Bhainfeadh táirgeoirí Camargue buntáiste míchuí as clú 'fleur de sel' a tuilleadh i measc tomhaltóirí agus dhéanfaidís díobháil do leasanna eacnamaíocha tháirgeoirí 'fleur de sel'.

(11) Rinne an Coimisiún measúnú ar na hargóintí a soláthraíodh sna ráitis freasúra réasúnaithe agus ar an bhfaisnéis a fuarthas maidir leis na comhairliúcháin idir na páirtithe i bhfianaise fhorálacha Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012.

(12) Is éard atá in Airteagal 5(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012: 'is éard atá i gceist le 'tásc geografach' ainm lena sainaithnítear táirge: (a) de thionscnamh áite, réigiúin nó tíre ar leith; (b) a bhfuil a cháilíocht, a chlú nó saintréith eile dá chuid inchurtha go bunúsach i leith a thionscnaimh gheografaigh; agus (c) ar tharla ceann amháin de na céimeanna táirgthe ar a laghad sa limistéar geografach sainithe'. Chun an sainmhíniú ar TGFC a chomhlíonadh, is leor go gcomhlíonfaidh an t-ainm na ceanglais sin.

(13) San iarratas a chuir an t-iarratasóir isteach bhí tuairisc ar an nasc idir an táirge 'Fleur de sel de Camargue' agus an tionscnamh geografach ar bhonn chlú agus cháilíocht shonrach an táirge.

(14) Agus tuairisc á tabhairt ar an nasc idir táirge agus tionscnamh geografach ar bhonn clú, ní mór don iarratasóir a léiriú go bhfuil nasc idir clú an táirge agus an t-ainm a ndearnadh iarratas lena chlárú agus go bhfuil sé inchurtha i leith an limistéir gheografaigh ina ndéantar an táirge. Léirigh an t-iarratasóir go raibh clú an táirge 'Fleur de sel de Camargue' nasctha leis an ainm 'Fleur de sel de Camargue' agus go bhfuil sé bainteach leis an tionscnamh geografach (limistéar Camargue) trí thagairtí a sholáthar do leabhair ealaíne ó chócairí clúiteacha, leabhair bhia agus treoracha turasóireachta, ailt sa phreas réigiúnach agus náisiúnta agus cláir ar líonraí teilifíse náisiúnta agus idirnáisiúnta atá á bhfoilsiú nó á gcraoladh ó na 1990í.

(15) A mhéid a bhaineann le cáilíocht agus saintréithe an táirge, mínítear san iarratas ar chlárú an ainm 'Fleur de sel de Camargue' go dtáirgtear é sa samhradh nuair a stopann an ghaoth de bheith ag séideadh agus nuair a thagann na milliúin criostail salainn ar dhromchla an uisce. Ina dhiaidh sin, buaileann an ghaoth Mistral thuaidh limistéir mórdhromchla na gcriostalóirí, agus brúitear an bláth salainn criostalaithe ar an dromchla i dtreo an imill, áit a gcruinníonn sé agus a múnlaítear é sa sáile bunaidh. Ní dhéantar sáile tosaigh sáithithe ná na bláthanna salann a thuaslagadh. Tá an tsraith 'ciseal salann' an-chrua agus tiubh agus cuireann sin cosc ar bhláthanna salann teacht i dteagmháil leis an ithir ghainmheach, rud a chinntíonn go bhfuil sé íon. Is salann an-mhaith é an táirge deiridh 'Fleur de sel de Camargue', toisc go gcabhraíonn an ráta tapa galaithe ar de toradh dálaí aimsire é le criostail bheaga a chruthú. Dá réir sin, léiríonn an t-iarratas ar chlárú an ainm 'Fleur de sel de Camargue' nasc cúisíoch idir an limistéar geografach agus cáilíocht shonrach an táirge chomh maith le clú seanbhunaithe an táirge, a théann siar go dtí na 1990í. Is leor sin chun an t-ainm sin a chlárú mar TGFC.

(16) Leis an argóint nach *fleur de sel per se* atá in 'Fleur de sel de Camargue', ní chuirtear as an áireamh go bhfuil nasc idir an táirge agus an limistéar.

(17) Tá an t-ainm ‘Fleur de sel de Camargue’ sonrach go leor agus éagsúil leis na táirgí eile ar a dtugtar ‘Fleur de sel’ agus, dá bhrí sin, ní dócha go gcuirfidh sé tomhaltóirí amú maidir le tionscnamh an táirge. Úsáidfear ‘Fleur de sel’ i gcónaí i gcomhar le hainm an limistéir gheografaigh ‘Camargue’. Dá bhrí sin, beidh tomhaltóirí in ann idirdhealú a dhéanamh idir ‘Fleur de sel de Camargue’ agus táirgí eile ar a dtugtar ‘Fleur de sel’ mar gheall ar an téarma geografach gaolmhar ‘Camargue’. Thairis sin, ós rud é go mbaineann an téarma ‘fleur de sel’ le hainm limistéir gheografaigh ar leith agus go bhfuil sé le fáil sna ATFCanna nó TGFCanna éagsúla, bheadh tomhaltóirí in ann idirdhealú soiléir a dhéanamh idir táirgí atá faoi chosaint ATFC nó TGFC ina bhfuil an téarma ‘Fleur de sel’ ar bhonn a dtionscnaimh gheografaigh. An mearbhall a d’fhéadfadh a bheith ann maidir le cineál an táirge, toisc go bhféadfadh sé nach dtagródh an téarma arb é an chuid choiteann den ainm é don táirge a ainmnítear de ghnáth leis an téarma sin, níl sé ábhartha chun comhlíonadh na gcoinníollacha dá dtagraítear in Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 a fhíorú. Is táirge milseogra a bhí in ‘Bergamote de Nancy/Bergamotes de Nancy’ (TGFC) seachas táirge torthaí, nó is cáis a bhí in ‘Crottin de Chavignol/Chavignol’(ATFC) seachas aoileach, ach níor chúiseanna iad sin le diúltú don iarratas ar chlárú sa dá chás.

(18) I bhfianaise a bhfuil thuas, comhlíontar na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 5(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012.

(19) A mhéid a bhaineann leis an bhforas freasúra atá bunaithe ar Airteagal 7(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, is éard a áitíonn na freasúróirí i ndáiríre nach féidir fianaise stairiúil a bheith ann maidir le modh táirgthe ‘fleur de sel’ a táirgeadh in Camargue san am a chuaigh thart, toisc go bhfaightear ‘Fleur de sel de Camargue’ ar bhealach atá difriúil leis modh traidisiúnta ‘fleur de sel’. Thug an t-iarratasóir tuairisc, áfach, ar an modh chun an táirge a fháil a ainmnítear mar ‘Fleur de sel de Camargue’. Ina theannta sin, tá an t-ainm ‘Fleur de sel de Camargue’ in úsáid go dleathach le 30 bliain sa Fhrainc agus san Aontas (margadh aonair). I bhfianaise a bhfuil thuas, comhlíontar ceanglais Airteagal 7(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012.

(20) A mhéid a bhaineann an bhforas freasúra atá bunaithe ar Airteagal 10(1), pointe (c), de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, meastar de ghnáth go bhfuil ainmneacha agus táirgí i mbaol nuair a dhéanann clárú ainm nua difear díreach d’ainm sonrach táirge nó do tháirge ar leith. Ba cheart don chlárú difear a dhéanamh do chearta daoine nádúrtha nó dlítheanacha an t-ainm a úsáid. Is amhlaidh atá go háirithe nuair nach féidir táirge a tháirgeadh faoin ainm céanna a thuilleadh agus úsáid á baint as an modh táirgthe céanna nó nuair nach féidir ainm a úsáid a thuilleadh. Níl an tionchar ar ghnáthainmneacha ábhartha.

(21) Maíonn na freasúróirí go gcuirtear i mbaol na táirgí go léir ar a dtugtar ‘Fleur de sel’ agus ainm limistéir gheografaigh ar leith ina ndiaidh sin toisc go dtógfadh táirge de cháilíocht níos lú an sciar céanna den mhargadh agus a bhainfeadh le táirge ar chaighdeán níos airde, rud a spreagfadh caillteanais eacnamaíocha. Ní léiríonn sé sin, áfach, tionchar díreach ar tháirge ar leith nó ar tháirge a bhfuil ainm sonrach air. Ní bhaineann an argóint sin leis an gceart ainm a úsáid toisc go bhféadfaidh táirgeoirí uile na dtáirgí éagsúla ‘Fleur de sel’ leanúint dá n-ainmneacha a úsáid tar éis ‘Fleur de sel de Camargue’ a chlárú. Sa chás sin, ní chuirtear ainm sonrach táirge ná táirge ar leith i mbaol.

(22) Ar aon chuma, ós rud é go n-éilíonn roinnt Ballstát, ina ndlíthe náisiúnta, modh sonrach táirgthe chun táirge a mhargú faoin ainm ‘fleur de sel’, ní féidir a mheas gur fianaise dhochloíte é gur cheart an méid céanna a chur i bhfeidhm ar leibhéal an Aontais. Go deimhin, ar leibhéal an Aontais, ós rud é nach bhfuil aon sainmhíniú coiteann dlíthiúil ar ‘fleur de sel’, ní fhéadfar an ceart chun an t-ainm ‘fleur de sel’ a úsáid a theorannú do mhodh sonrach táirgthe.

(23) Ina theannta sin, a mhéid a bhaineann le struchtúr na criostal, léiríonn an anailís a rinne an Coimisiún ar ainmneacha atá cláraithe cheana go bhfuil éagsúlacht ann idir na cineálacha TGFCanna nó ATFCanna atá cláraithe cheana féin ina bhfuil ‘fleur de sel’. Mar shampla, tagraíonn TGFC ‘Sel de Guérande/Fleur de sel de Guérande’ do ‘chriostail éadroma, mhíne, shobhriste’; Deir ATFC ‘Sal de Tavira/Flor de Sal de Tavira’ go bhfuil an salann seo ‘comhdhéanta de chalóga an-mhín’; Tagraíonn ATFC ‘Piranska sol’ don fhíric go ‘gcriostalaíonn fleur de sel ar dhromchla an tsáile sna himchuacha criostalaithe, agus gurb iad na himchuacha criostalaithe a thugann a struchtúr criostalach tréithiúil dó agus a choinníonn cuid den sáile ann’ agus sonraíonn ATFC ‘Paška sol’ gur ‘criostail ar chruth sliogán’ atá i gceist. Dá bhrí sin, tá éagsúlacht idir na táirgí sin ó thaobh sainiúlachtaí agus foirmeacha de i ngeall ar an limistéar geografach ina dtáirgtear agus ina mbuantar iad.

(24) I bhfianaise a bhfuil thuas, ba cheart an t-ainm ‘Sel de Camargue/Fleur de sel de Camargue’ a iontráil i gclár na n-ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint agus na dtásc geografach faoi chosaint.

(25) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Beartas Cáilíochta Táirgí Talmhaíochta,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Tá an t-ainm 'Sel de Camargue/Fleur de sel de Camargue' (TGFC) cláraithe.

Leis an ainm dá dtagraítear sa chéad mhír sainaithnítear táirge as Aicme 2.6. — Salann, faoi mar a liostaítear in Iarscríbhinn XI a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 668/2014 ón gCoimisiún ([3]).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 31 Eanáir 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

([3]) IO L 179, 19.6.2014, lch. 36.